## Bileog 12.1

Beidh tú ag éisteacht le beirt ar an téip ag iarraidh am a eagrú do chruinniú. Sula n-éisteann tú leis an chomhrá, cuir féin agus an duine in aice leat Gaeilge ar na focail seo thíos.

| | | |
|---|---|---|
| Mrs | Ms | Mr |
| what about Thursday? | manager | appointment |

Éist leis an chomhrá anois agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad é an chéad mholadh a bhí ag an rúnaí?
2. Cén lá agus cén t-am a bheidh an cruinniú ar siúl?



**Déan plé leis an duine in aice leat ar an bpatrún a bhaineann leis an aimsir fháistineach.**



Sa spás seo thíos scríobh ríomhphost chuig do bhainisteoir chun cruinniú a shocrú don lá amárach. Nuair atá tú críochnaithe cuir an méid a scríobh tú i gcomparáid leis an duine in aice leat.

Address: ______________________________

Subject: ______________________________

______________________________

Cén Ghaeilge atá ar na téarmaí seo?

Cad iad na bealaí éagsúla le críoch fhoirmeálta a chur ar litir/ríomhphost mar seo?



**Pléigh: Cad é an difríocht idir *an tUasal* agus *leis an Uasal*?**




**Pléigh: An mbíonn an deis agat an Ghaeilge a úsáid i do chuid oibre?**

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 12.2

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht coinní éagsúla a dhéanamh le chéile bunaithe ar na focail sna boscaí. Bainigí úsáid as na frásaí seo thíos chun cabhrú libh:

| | |
|---|---|
| ar an drochuair… | tá seans maith go… |
| ba bhreá liom ach… | cad atá ar siúl? |
| róchostasach | cén t-am agus cén áit? |




Éist leis na daoine ar an téip anois ag déanamh socruithe éagsúla agus líon na bearnaí thíos.

| | Cén áit ? | Cén lá? | Cén t-am? |
|---|---|---|---|
| Comhrá 1: | ____________ | ____________ | ____________ |
| Comhrá 2: | ____________ | ____________ | ____________ |
| Comhrá 3: | ____________ | ____________ | ____________ |
| Comhrá 4: | ____________ | ____________ | ____________ |

An raibh aon fhocal nó aon fhrása ar an téip nár thuig tú? Pléigh leis an duine in aice leat.

Labhair leis an duine in aice leat agus déanaigí socrú le chéile faoi rud éigin ba mhaith libh a dhéanamh tar éis an ranga.



**Déan féin agus an duine in aice leat liosta de na briathra neamhrialta anois agus scríobhaigí an cheist agus na freagraí diúltacha agus dearfacha do gach ceann acu, ag leanúint an tsampla thíos.**

| | |
|---|---|
| **An mbeidh?** | **Beidh/Ní bheidh** |

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 12.3

Seo thíos sceideal de na scannáin atá ar siúl sa phictiúrlann *Light House*.

1. Roghnaigh am amháin do gach scannán agus cuir tic in aice leis an am áirithe sin.
2. Ansin déan iarracht socrú a dhéanamh leis an duine in aice leat chun dul chuig ar a laghad scannán amháin.
3. Tá ort leithscéal a chumadh do na hamanna nach bhfuil tú saor le dul chuig na scannáin.

<u>Comhrá samplach:</u>

Duine 1: An rachaimid chuig scannán inniu nó anocht?
Duine 2: Ba bhreá liom. Cad faoi *Caramel* ag a dó a chlog?
Duine 1: Ní féidir liom dul ansin, tá sé róluath agus caithfidh mé am a chaitheamh leis na páistí.
Duine 2: Cad faoi fiche tar éis a sé?
Duine 1: Go hiontach!

## Light House Cinema, Smithfield +353 1 8797601

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain | PG Caramel | 2.00 4.10 6.20 8.40pm |
| Dé Máirt | PG Honeydripper | 3.55 8.15pm |
| Dé Céadaoin | 15A Once | 2.10 6.15pm |
| Déardaoin | 12A Persepolis | 2.05 6.25pm |
| Dé hAoine | 12A The Diving Bell and the Butterfly | 6.30pm |

Anois ba cheart go mbeadh triúr agaibh in bhur suí le chéile leis na ceisteanna thíos a phlé:

1. An dtéann tú chuig an phictiúrlann go rialta?

2. An bhfaca tú aon cheann de na scannáin thuas?

3. Cad é an scannán is fearr a chonaic tú riamh?

4. Cad é an scannán is measa a chonaic tú riamh?

5. Cé acu is fearr leat – scannán a fheiceáil sa phictiúrlann nó sa bhaile?

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 12.4 Duine A


Seo thíos dhá scannán a bhí ar siúl le linn na féile ***Guth Gafa*** a bhíonn ar siúl i nGort a'Choirce gach bliain. Léifidh do chara an cur síos i nGaeilge ar an chéad scannán duit agus beidh ortsa cuidiú leis/léi é a thuiscint mar tá an leagan Béarla agatsa. Caithfidh tusa an dara scannán a léamh i nGaeilge don duine in aice leat ansin. Tá an leagan Béarla den scannán sin aigese/aicise agus cabhróidh sé/sí leat é a thuiscint.

### (1) Angels in the Dust

Louise Hogarth, USA, 94', 2007
2007 Audience Award at the Full Frame Documentary Film Festival,
2007 Special Jury Prize for Best Documentary at the Seattle International Film Festival.

As AIDS is leaving entire South African villages decimated and thousands of children orphaned, Marion Cloete, with her husband and daughters, fearlessly walked away from a privileged suburban life to build an extraordinary village and school that provides shelter, food, and education to more than 550 South African children.






**An scil dheacair é an t-aistriúchán, dar leat? Cad atá deacair faoi?**

### (2) The Mother

Antoine Catt in and Pavel Kostomarov, Switzerland, 80'
"MDR" prize, best doc. of Eastern Europe, Leipzig, in November of 2007

Seo scannán faoi mhná láidre agus a gcuid dóchais, faoi phaistí leochaileacha soineanta agus faoi fhir laga agus a gcuid lochtanna. Ach thar gach rud eile, is scannán é faoin chineál grá a bhfuil fulaingt mar chuid de, nuair nach mbaineann grá an duine ceart amach agus nuair nach bhfaigheann duine grá nuair atá sé á lorg.



© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 12.4 Duine B


Seo thíos dhá scannán a bhí ar siúl le linn na féile ***Guth Gafa*** a bhíonn ar siúl i nGort a'Choirce gach bliain. Caithfidh tusa an cur síos ar an chéad scannán a léamh i nGaeilge don duine in aice leat. Tá an leagan Béarla ag an duine sin agus beidh sí/sé ag cuidiú leat chun an píosa a thuiscint. Ansin léifidh do chara an cur síos i nGaeilge ar an dara scannán duitse agus beidh ortsa cuidiú leis/léi mar tá an leagan Béarla agatsa.

### (1) Angels in the Dust

Louise Hogarth, USA, 94', 2007
2007 Audience Award at the Full Frame Documentary Film Festival,
2007 Special Jury Prize for Best Documentary at the Seattle International Film Festival.

Agus sráidbhailte á scrios ag SEIF san Afraic Theas agus na mílte páiste fágtha gan tuismitheoirí, shiúil Marion Cloete, a fear céile agus a hiníonacha, ar shiúl ón saol compordach a bhí acu chun sráidbhaile agus scoil as cuimse a thógáil a chuireann dídean, bia agus oideachas ar fáil do níos mó ná 500 páiste as an Afraic Theas.





**An scil dheacair é an t-aistriúchán, dar leat? Cad atá deacair faoi?**

### (2) The Mother

Antoine Catt in and Pavel Kostomarov, Switzerland, 80'
"MDR" prize, best doc. of Eastern Europe, Leipzig, in November of 2007

This is a film about strong women and their hopes, fragile children in all their innocence, and frail men with their flaws. But above all, it is a film about the kind of love that makes us suffer, when love doesn't find its target, or when a great need for love is not fulfilled.



© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 12.5

Nuair a insíonn duine drochscéal duit, cad a deirtear leis an duine sin? Déan ransú intinne leis an duine in aice leat ar na bealaí éagsúla le - *I'm sorry to hear that* etc. a rá as Gaeilge. Éist leis an téip ansin agus líon na bearnaí sna comhráite thíos:

Comhrá 1

- Hi a Sheáin, ní bheidh mé ag an gcruinniú sin amárach mar go bhfuil mo mháthair tinn. Caithfidh mé dul go dtí an t-ospidéal léi.
- ____________________________________.

Comhrá 2

- Tá brón orm ach ní bheidh mé ag an lón amárach de bharr go bhfuil mé róthinn.
- ____________________________________.

Comhrá 3

- Tá seans maith go mbeidh mé cúpla nóiméad déanach anocht mar gheall ar mo sheanmháthair - tá sí breoite le fada.
- ____________________________________.


Anois bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Glacaigí sealanna pictiúir a roghnú agus a úsáid chun a rá cén fáth nach mbeidh sibh san obair amárach. Caithfidh duine amháin an leithscéal a thabhairt agus an duine eile an freagra cuí a thabhairt ar an leithscéal sin. Mar shampla:

- Ní bheidh mé san obair amárach de bharr go bhfuil scrúdú tiomána agam.
- Ní maith liom do scéal ach ádh mór leis!


© Ollscoil Mhá Nuad








© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 12.6

Féach féin agus an duine in aice leat ar na habairtí thíos - an féidir libh smaoineamh ar leaganacha eile de na frásaí a bhfuil líne fúthu?

______________________
______________________
______________________



- Tá brón orm ach ní bheidh mé i láthair ag an chruinniú anocht de bharr go bhfuil mé róthuirseach.
- Tá sé sin ceart go leor. Ná bí buartha.

______________________
______________________
______________________
______________________

______________________
______________________
______________________



**Cad é an difríocht idir 'tá mé tinn' agus 'de bharr go bhfuil mé tinn'? Cén fáth a n-athraíonn *tá* go *bhfuil*?**

Bíodh triúr agaibh ag obair le chéile. Déarfaidh duine 1 abairt ar nós: ***Beidh ocras orm tar éis an ranga***. Déarfaidh duine 2 le duine 3: ***Dúirt Máire (duine 1) go mbeidh ocras uirthi tar éis an ranga***. Ansin déarfaidh duine 2 abairt eile agus leanfaidh an ghníomhaíocht ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil cleachtadh maith déanta ar an chaint indíreach san aimsir fháistineach.

Smaoinigh ar thrí rud nach féidir leat a dhéanamh an tseachtain seo agus cén fáth nach féidir leat iad a dhéanamh.

Anois labhair leis an bheirt in aice leat agus abair leo faoi na rudaí nach féidir leat a dhéanamh. Mar shampla:

Ní bheidh mé ag dul amach oíche Dé hAoine mar gheall ar an drochaimsir.



**An bhfuil tú sásta leis an méid oibre atá á déanamh agat ar an nGaeilge idir na ranganna? Pléigh leis an bheirt atá ina suí in aice leat.**

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 12.7

(a) Tá rudaí éagsúla thíos a chaithfidh tú a dhéanamh i rith na seachtaine. Scríobh sa dialann thíos iad. Tá rudaí eile ba mhaith leat a dhéanamh – caithfidh tú daoine sa rang a aimsiú leis na rudaí sin a dhéanamh leat, sé sin má tá sibh saor ag an am céanna.

Na rudaí a chaithfidh tú a dhéanamh:

1. Dul chuig tórramh.
2. Ragobair a dhéanamh dhá oíche.
3. Do mhadra/cat/luch/coinín a thabhairt go dtí an tréidlia.

Na rudaí ba mhaith leat a dhéanamh:

1. Lón/dinnéar a ithe le cara.
2. Dul go dtí an phictiúrlann/an teach tábhairne/an amharclann.
3. Tráthnóna amháin a chaitheamh amuigh faoin aer.

| | maidin | tráthnóna | oíche |
|---|---|---|---|
| Dé Luain: | | | |
| Dé Máirt: | | | |
| Dé Céadaoin: | | | |
| Déardaoin: | | | |
| Dé hAoine: | | | |
| Dé Sathairn: | | | |
| Dé Domhnaigh: | | | |

(b) Anois siúil timpeall an ranga ag caint le foghlaimeoirí eile chun daoine a aimsiú chun na rudaí sa dara liosta thuas a dhéanamh leat.

(c) Ná déan dearmad go mbeidh daoine ag iarraidh ortsa dul leo chomh maith ach tá tú féin gafa cuid den am de bharr na rudaí atá scríofa sa dialann agat. Beidh ort glacadh agus diúltú do na coinní agus na socruithe éagsúla.

(d) Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:

Emily: An rachaimid chuig dráma oíche Dé Máirt?

Cliff: Ba bhreá liom, ach ar an drochuair caithfidh mé dul chuig tórramh.

Emily: Ní maith liom do scéal. Rachaimid am éigin eile mar sin. Ná bí buartha.



© Ollscoil Mhá Nuad